



FREAGRAÍ ÓN gCOIMISIÚN EORPACH

AR AN TUARASCÁIL SPEISIALTA Ó CHÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

Rialacha maidir leis an mbeartas comhtháthaithe
a oiriúnú chun freagairt do COVID-19

Úsáideadh cistí ar bhealach níos solúbtha ach is gá
machnamh a dhéanamh ar an mbeartas comhtháthaithe
mar uirlis freagartha ar ghéarchéimeanna

Inneachar

I. FREAGRAÍ ÓN gCOIMISIÚN I mBEAGÁN FOCAL.....	2
II. FREAGRAÍ ÓN gCOIMISIÚN EORPACH AR PHRÍOMHBHARÚLACHA CIE.....	3
1. An t-ord tosaíochta a bhí ag na húdaráis náisiúnta maidir leis na hionstraimí géarchéime agus téarnaimh.....	3
2. Sruthanna cistiúcháin éagsúla a chur chun feidhme go comhthreomhar	3
3. Faireachán agus tuairisciú.....	4
III. FREAGRAÍ ÓN gCOIMISIÚN AR MHOLTAÍ CIE.....	4
1. Moladh 1 - Anailís a dhéanamh maidir le hoiriúnacht an bheartais comhtháthaithe mar uirlis freagartha bhuiséadach ar ghéarchéimeanna	4
2. Moladh 2 - Dlúthfhaireachán a dhéanamh maidir le hionsú REACT-EU chun tacaíocht a sholáthar a dhíríonn ar thorthaí, i gcás inar gá sin	4

Cuirtear i láthair sa doiciméad seo freagraí ón gCoimisiún Eorpach ar bharúlacha maidir le Tuarascáil Speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, i gcomhréir le hAirteagal 259 den [Rialachán Airgeadais](#) atá le foilsiú in éineacht leis an tuarascáil speisialta.

I. FREAGRAÍ ÓN gCOIMISIÚN I mBEAGÁN FOCAL

Le linn bhuaicphointe ghéarchéim COVID-19, d'oibrigh institiúidí an Aontais i gcomhar le chéile chun an dóigh is fearr a fháil le tacú leis na Ballstáit a bhfuil leachtacht de dhíth orthu go práinneach. Trí úsáid a bhaint as an **maoiniú atá ar fáil faoin mbeartas comhtháthaithe** a cheadú ón tréimhse 2014-2020, léiríodh go raibh úsáid nach beag á baint as an Tionscnamh Infheistíochta mar Fhreagairt ar an gCoróinvíreas do na húdaráis náisiúnta. Measann CIE gur ath-leithdhaileadh amach is isteach le € 35 bhiliún idir gach earnáil de thoradh na solúbthachta nuaí. De réir mheastachán an Choimisiúin, rinneadh athchlárú ar thart ar dhá thrian den mhéid seo, thart ar **€ 23 bhiliún¹**, go sonrach chun tionchar na paidéime a mhaolú, don chóras sláinte go príomha, tacaíocht airgeadais do ghnóthais bheaga agus mheánmhéide agus chun socrúithe sealadacha náisiúnta maidir le hobair ghearr-ama a chur ar bun.

In 2021, fuair an beartas comhtháthaithe maoiniú breise ó thionscnamh NextGenerationEU i bhfoirm **Acmhainní React EU ar luach EUR 50.6 billiún. Tugadh tacaíocht do na Ballstáit** leis an maoiniú breise trína leachtacht a mhéadú agus trí acmhainní nua a sholáthar chun aghaidh a thabhairt ar cheanglais ghéarchéime.

Cuidigh an Coimisiún leis na húdaráis a mbealach a dhéanamh agus sineirgí a aimsiú idir na huirlisí maoinithe nua uile. Thug sé tús áite do gach iarraidh, rud a d'fhág gurbh fhéidir leasuithe ar chlár a fhorghas go tapa. Fiú amháin bearta críochnaithe a thosaigh tar éis an 1 Feabhra 2020, bhíodhas in ann iad a aisíoc agus a mhaoiniú 100 % ó bhuiséad an Aontais, bearta nach gceanglaítear cómhaoiniú náisiúnta leo. Cuireadh solúbthacht ar fáil le haghaidh chur chun feidhme agus iniúchadh na gcreat, agus, san am céanna, coinníodh an ceanglas ar bun maidir le comhlíonadh docht na rialacha is infheidhme freisin. Ba é REACT-EU an chéad ionstraim a úsáideadh faoi NextGenerationEU agus rinneadh na chéad íocaíochtaí leis na Ballstáit i Meitheamh 2021.

A bhí le hath-chlársceidealú suntasach agus an úsáid shealadach a baineadh as ráta eisceachtúil cómhaoinithe 100 % an Aontais, cuireadh dlús breise le cur chun feidhme airgeadais in 2020-2021: tháinig méadú ar an ráta caiteachais go dtí 73 % ag deireadh Dheireadh Fómhair 2022, agus tar éis do CIE an obair iniúchóireachta a chríochnú.

De dheasca phaindéim COVID-19, bhí suaití géara i ngeilleagair agus i sochaithe na mBallstát, rud a d'fhág go raibh an baol ann go ndéanfaí éagsúlachtaí réigiúnacha agus éagothromaíochtaí sóisialta a dhoimhniú. Chun a áirithiú gur féidir leis an mbeartas comhtháthaithe a aidhm fhadtéarmach a shaothrú maidir le héagothromaíochtaí socheacnamaíocha agus críochacha a laghdú, níor mhór an beartas a chur in oiriúint go tapa don chomhthéacs níos leithne agus aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí na paidéime a d'imir tionchar ar shaol daoine, ar fhiontair, ar infheistíochtaí agus ar chur chun feidhme tionscadail. Na solúbthachtaí faoi CRII agus CRII+, bhí siad ríthábhachtach chun doimhniú breise a sheachaint maidir le heagothromaíochtaí idir réigiúin de thoradh na géarchéime, agus san am céanna infheistíodh acmhainní REACT-EU chun leanúint den tacaíocht a bhí ag teastáil le haghaidh cúram sláinte, lucht gnó agus oibríthe agus an téarnaimh a ullmhú i gcomhréir le tosaíochtaí digiteacha agus glasa.

Léiríodh go hiomlán a sholúbtha atá an beartas comhtháthaithe agus go bhféadfaí é a oiriúnú agus é ar cheann de na beartais infheistíochta is mó de chuid an Aontais maidir le téarnamh géarchéime. Mar sin féin, ní uirlis freagartha ar ghéarchéimeanna a rinneadh den bheartas comhtháthaithe dá bharr, – ba mhaith a imscríobhadh na solúbthachtaí comhfhreagracha sa chreat dlíthiúil agus bhí siad teoranta ó thaobh ama de freisin. Ar an gcéad dul síos, is beartas infheistíochta fadtéarmach

fós é an beartas comhtháthaithe le haghaidh cóineasú sóisialta agus eacnamaíoch idir réigiúin na hEorpa, i gcomhréir le tosaíochtaí an Aontais. Tá príomhchuspóir an bheartais comhtháthaithe á bhaint amach fós, is é sin an comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a neartú agus tosaíochtaí polaitíochta an Aontais a chomhlíonadh, mar atá an t-aistriú glas agus digiteach agus leanfar de go háirithe faoin nglúin clár 2021-2027.

II. FREAGRAÍ ÓN gCOIMISIÚN EORPACH AR PHRÍOMHBHARÚLACHA CIE

1. An t-ord tosaíochta a bhí ag na húdaráis náisiúnta maidir leis na hionstraimí géarchéime agus téarnaimh

Measann an Coimisiún gur chuir na Ballstáit ord tosaíochta ceart i bhfeidhm maidir le húsáid na n-ionstraimí géarchéime agus téarnaimh chun a áirithiú go gcuirtear na hoibríochtaí atá buailte in oiriúint do na na himthosca nua, nach gcailltear acmhainní atá infheistithe cheana féin agus go gcuideann na cistí le teorainn a chur le tionchar na paindéime ar an gcomhtháthú. Tugadh dá aire freisin leis an maoiniú breise faoi REACT-EU gur tugadh an deis infheistíochta chun cinn go dtí am níos luaithe ná tús clár 2021-2027, d'fhonn an bhearna a dhúnadh idir na tréimhsí 2014-2020 agus 2021-2027 agus chun téarnamh a éascú².

2. Sruthanna cistiúcháin éagsúla a chur chun feidhme go comhthreomhar

Aithníonn an Coimisiún an gá atá le comhordú agus le comhlántacht maidir le cur chun feidhme chistí an bheartais comhtháthaithe, go háirithe REACT-EU agus an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.

An riosca maidir le cistiú dúbailte, tá sé maolaithe den chuid is mó trí roinnt sásraí agus forálacha. Tugann na Ballstáit agus an Coimisiún araon aird ar leith ar fhorluithe a sheachaint. Ar an gcéad dul síos, de bhun Airteagal 63(9) de CPR le haghaidh chlárthréimhse 2021-2027, caiteachas a áirítear in iarratas ar íocaíocht i gceann amháin de na cistí, ní áirítear é in áit eile faoin gciste céanna nó faoi ionstraim eile. Forfheidhmníodh é seo cheana féin faoi 2014-2020 agus déantar dlúthfhaireachán air trí ghníomhaíochtaí iniúchta – agus déanfar fós é amach anseo freisin. Sa chritear roghnúcháin a chuirtear i bhfeidhm sna Ballstáit maidir le roghnú a dtionscnamh, leagtar béim láidir ar an bhforáil sin..

Ar an dara dul síos, na doiciméid chlársceidealaithe i.e. an comhaontú comhpháirtíochta, na cláir, agus na pleananna críochacha um aistriú cóir, tá tuairisc ag teastáil uathu ar chomhlántachtaí agus sineirgí idir an beartas comhtháthaithe agus ionstraimí eile an Aontais, arb é is aidhm dóibh forluí a sheachaint agus bheith in ann teacht roimh aon riosca a d'fhéadfadh a bheith ann i dtaca le cistiú dúbailte.

Leis an gComhaontú comhpháirtíochta le haghaidh chlár 2021-2027 agus na pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta (RRPanna), beartaítear tuairisc ar na comhlántachtaí maidir le hionstraimí eile. Úsáidtear sin mar bunús le haghaidh níos mó socrúithe comhordúcháin agus chun a

²Féach barúil 36 ó CIE agus bosca 2

áirithiú go n-áirithítear na comhlántachtaí agus go mbaintear leas as na sineirgí idir na hionstraimí éagsúla.

Bhí baint chuí ag na seirbhísí AT REGIO agus DG EMPL leis an measúnú maidir leis na RRPanna arna mholadh ag na Ballstáit agus faoin RRF, rud a d'áirithigh sineirge iomlán agus eolas faoi chuspóirí na mBallstát faoi RRF agus cistí an bheartais comhtháthaithe. Thairis sin, mar chuid de na socruithe oibríochtúla arna síniú leis an gCoimisiún, tá geallúint tugtha ag na Ballstáit imeacht bliantúil a eagrú i gcomhpháirt le páirtithe leasmhara chun comhlántacht, sineirge, comhleanúnachas agus comhsheasmhacht idir cur chun feidhme RRP agus cláir eile de chuid an Aontais a phlé³.

3. Faireachán agus tuairisciú

D'fhoilsigh an Coimisiún tacar de 32 tháscaire neamhshainordaitheacha maidir le COVID-19 agus é d'aidhm acu níos mó trédhearcachta agus cuntasachta i ndáil le maoiniú an bheartais comhtháthaithe a úsáid maidir le cúram sláinte (vacsaíní san áireamh), tacaíocht ghnó agus socruithe maidir le hobair ghearr-ama. Ghlac na Ballstáit go forleathan leo, rud a chuidigh leis na húdaráis agus leis an gCoimisiún faireachán agus measúnú a dhéanamh ar an dóigh a n-úsáideadh maoiniú an bheartais comhtháthaithe, acmhainní REACT-EU san áireamh, i gcomhthéacs na paidéime.

Tá an Coimisiún tiomanta i gcónaí do shaoránaigh a choinneáil ar an eolas faoi chaiteachas uile poiblí. Ar an gcúis sin, chuir an Coimisiún trí dheais idirghníomhacha ar bun faoin Ardán Sonraí Oscailte⁴ maidir leis an úsáid a bhain na Ballstáit as maoiniú an bheartais comhtháthaithe le linn na géarchéime. Tá faisnéis ar an ndeais maidir le caiteachas na mBallstát, sna príomhréimsí seo go háirithe – **sláinte, gnó agus tacaíocht dhíreach do dhaoine**⁵.

III. FREAGRAÍ ÓN gCOIMISIÚN AR MHOLTAÍ CIE

1. Moladh 1 - Anailís a dhéanamh maidir le hoiriúnacht an bheartais comhtháthaithe mar uirlis freagartha bhuiséadach ar ghéarchéimeanna

Spríodhata cur chun feidhme: Faoi dheireadh 2024

Glacann an Coimisiún leis an moladh.

2. Moladh 2 - Dlúthfhaireachán a dhéanamh maidir le hionsú REACT-EU chun tacaíocht a sholáthar a dhíríonn ar thorthaí, i gcás inar gá sin

Spríodhata cur chun feidhme: Láithreach bonn

³Féach barúil 40 ó CIE

⁴Deais an Choróinviris: Freagairt beartais comhtháthaithe an Aontais - Deais REACT-EU - Forléargas ar an mbeartas comhtháthaithe maidir le táscairí an Choróinviris

⁵Féach barúil 73-79 ó Chúirt Iniúcháirí na hEorpa (CIE)

Glacann an Coimisiún leis an moladh.

Leanfaidh an Coimisiún de bheith ag déanamh faireacháin agus ag cur tacaíochta ar fáil do na húdaráis bainistíochta maidir le cur chun feidhme tosaíochtaí REACT-EU. Sa chomhthéacs sin, sainithneoidh an Coimisiún na cláir dá mbaineann deacrachtaí caiteachais agus oibreoidh sé leis na húdaráis cláir chun ionchas acmhainní REACT-EU a uasmhéadú. I bhfianaise phrionsabal na bainistíochta roinnte, is faoi na Ballstáit atá sé a áirithiú go rannchuidíonn na hoibríochtaí cómhaoinithe go héifeachtach leis na cuspóirí agus na spriocanna feidhmíochta a bhaint amach.